CAD É AN T-ÁBHAR IS FEARR CHUN LÍREACÁIN REOITE A CHOINNEÁIL FUAR?

J
SÓISEAR

Trealamh:

Ciúbanna oighir, ábhair éagsúla
(*m.sh. páipéir nuachta, scragal cistine, cumhdach bolgóideach*),
tráidire plaisteach.

Na Ranganna atá molta:

Na ranganna is óige

Ullmhúchán:

Bíodh na ciúbanna oighir réidh le húsáid.

(*Má bhíonn na líreacáin oighir déanta an lá roimh ré - cinn dhaite go háirithe! - beidh cuma níos réadúla ar an ghníomhaíocht seo do leanaí óga*)

Eolas cúlra:

Ba chóir roinnt plé a dhéanamh roimh ré ar théamh agus ar fhuarú. Tionchar téamh agus cúlú ar uisce; oighear, seacláid srl a théamh.

Gluaiseann teas ón rud atá níos teo go dtí rud atá níos fuaire. Gluaiseann teas go héasca trí nithe ar nós miotail agus ní dhéanann siad inslitheoirí maithe dá bharr sin. Má bhíonn a lán pócaí aeir i rud ní ligfidh sé teas tríd go héasca, agus is sé sin an fáth go ndéanann olann, cumhdach bolgóideach, olann cadáis srl inslitheoirí maithe. Ní ligeann siad teas isteach ná amach, mar sin coinníonn siad te na nithe atá te agus coinníonn siad fuar na nithe atá fuar!

Coinníonn fleascáin nithe an-te nó an-fhuar mar go bhfuil dhá shraith iontu agus folús (gan tada, fiú aer) eatarthu. Níl aon rud ann mar sin chun teas a ligean isteach nó amach.

(*Tá tuilleadh faoin ábhar seo sa ghníomhaíocht Fionnachtan na hEolaíochta sa Bhunscoil 'Ag coinneáil te'*)

Ceisteanna spreagtha:

Cad a tharlaíonn do líreacáin oighir ar lá te samhraidh?

Cén fáth go mbíonn ort iad a ithe go measartha mear?

Má theastaíonn uait iad a thabhairt abhaile go dtí do mhuintir meas tú ar cheart cumhdach a fhilleadh timpeall orthu?

An dóigh leat gur cheart do na leanaí sa phictiúr seo an cóta a chur ar an bhfear snachta más mian leo é a choinneáil níos faide?

Taken from Keogh and Naylor, "Starting Points for Science", Millgate House

CAD É AN T-ÁBHAR IS FEARR CHUN LÍREACÁIN REOITE A CHOINNEÁIL FUAR?

J
SÓISEAR

Comhábhar:	**EOLAÍOCHT:** Comhábhair: airíonna agus saintréithe Fuinneamh: Teas
	MATA: Tomhais: Am Uimhir: Comparáid agus ordú Sonraí: Léiriú
Scileanna:	Tuar, fiosrú, triail, anailísiú, taifeadadh
Nascanna Traschuraclaim:	
Gníomhaíocht:	Taispeáin na hábhair éagsúla a thug tú isteach do na leanaí agus fiafraigh díobh: "Cén cheann de na hábhair seo is fearr chun líreacáin oighir a choinneáil fuar?" "An dara ceann is fear", srl. "Conas is féidir linn triail chothrom a dhéanamh a fhreagródh an cheist seo, dar libh?" D'fhéadfaí tabhair faoi mar seo: Filleann grúpaí éagsúla leanaí ciúbanna oighir in ábhair éagsúla agus fanann siad go bhfeicfidh siad cén fhad a thógfaidh sé ar gach ciúb leá. Féadfaidh siad comparáid a dhéanamh chomh maith le ciúbanna nach bhfuil cumhdaithe. Cad is gá a bheith mar an gcéanna chun go mbeidh an tástáil cothrom? (*méid an chiúb oighir, líon na sraitheanna ábhair, an dromchla ar a bhfuil an t-oighear*). Cad a athraíodh? (*An t-ábhar*). Cad a thomhais siad? (*An t-am*). Déanann na leanaí nóta den ord ina leánn na ciúbanna oighir.
Sábháilteacht:	

CAD É AN T-ÁBHAR IS FEARR CHUN LÍREACÁIN REOITE A CHOINNEÁIL FUAR?

J
SÓISEAR

Gníomhaíochtaí Leantacha:	**1. "Cén áit a mbeidh an leá is tapúla ar chiúb oighir?"** Cuir na ciúbanna oighir ar phlátaí comhchosúla an uair seo (*is féidir plátaí plaisteacha nó páipéir a úsáid*), fág gan chumhdach iad agus cuir iad in áiteanna éagsúla sa seomra ranga, m.sh. ar leac fuinneoige, in aice leis an téitheoir, i gcófra. NÓ d'fhéadfaí comparáid a dhéanamh idir ciúbanna a chuirtear os cionn an téitheora agus faoi, agus a fhiafraí díobh: "Cad a insíonn sé sin dúinn faoi aer te?" (*Éiríonn sé*). **Fiosrú:** Coinnigh iad seo mar an gcéanna: ciúb, pláta Athraigh: teocht. Tomhais an t-am a chaitheann gach ciúb ag leá Pléigh cén fáth a gceapann siad go bhfuair siad na torthaí seo. **2. "An n-athraíonn an t-am a chaitheann ciúbanna oighir ag leá nuair a chuirtear ar dhromchlaí éagsúla iad?"** Is féidir na ciúbanna gan chumhdach a chur ar nithe éagsúla m.sh. adhmad, miotal (*clúdach stáin b'fhéidir*), nuachtán, scragal cistine srl san áit chéanna (*.i. ag an teocht chéanna*). Is féidir an t-am a thomhas arís. "An ndéanann sé aon difríocht cén dromchla ar ar cuireadh an t-oighear?"
	Nóta faoin bhFear Sneachta! Coinníonn cótaí te tú trí theas an choirp a choinneáil isteach (*cuimhnigh go dtaistealaíonn teas ón rud atá níos teo go dtí an rud atá níos fuaire*). Dá bhrí sin coinneoidh an cóta an fear sneachta fuar mar nach ligfidh sé an t-aer atá níos teo isteach! D'fhéadfaí samhail mhaith d'fhear sneachta a dhéanamh as barr bhuidéal plaisteach mianraí, líonta d'uisce agus reoite.